

LUCHT RONACH.

B'íongantach go deo an lán ronach a fuair bád as Leitir Árd. Bhí sé ag iarraidh dul amach thar na Sgeirdí i náit nach bhfuil carrig. Bhi calm ann agus níor fhéad na fir dhul amach ní raibh aon gaotha aca. Chaitheadar na heangacha amach, ceithre piosaí, idir na Sgeirdí agus an tír . Ar maidin nuair a tharraingeadar an chéad eangach bhí an bád lochtuighthe agus bhí trí piosaí amuigh fós aca. Bhlaogheadar ar bhád a bhí a dhul thartab abhaile, níor thuig fuireann an bháid sin iad agus ní tháinigheadar. An dara bád a bhí ag teacht isteach abhaile tháinig sí go dtí iad. Tharraing sí isteach na trí eangacha agus bhí sí féin lochtuighthe. Na báid a chuaidh amach thar na Sgeirdí ar an domhain ní raibh breac ar bith aca.

15.11.31.